Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**8742/19**
**ADD 1 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0084(COD)**

**CODEC 995**
**ENT 125**
**MI 391**
**AGRILEG 86**
**ENV 440**
**CHIMIE 74**
**IND 154**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir agus ó Phoblacht na Slóvaice**

Tacaíonn Poblacht na Seice, an Ungáir agus Poblacht na Slóvaice le cuspóirí an Rialacháin, go háirithe maidir le rialacha do tháirgí leasacháin a chomhchuibhiú.

D'ainneoin sin, is oth le Poblacht na Seice, leis an Ungáir agus le Poblacht na Slóvaice leibhéal íseal uaillmhéine an chomhréitigh deiridh maidir le leibhéal caidmiam i leasacháin fosfáite, rud nach leagan béim leordhóthanach ar na guaiseacha agus rioscaí a bhaineann le caidmiam. Ní féidir a mheas go mbeadh teorainn 60 mg caidmiam/kg P205 do leasacháin fosfáite ina bhfuil níos mó ná 5 % P205 sásúil – go háirithe nuair a chuirtear san áireamh gur gá cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a neartú, toisc sin a bheith mar chuspóir ag an Rialachán.

Ba cheart don Rialachán aghaidh níos fearr a thabhairt ar na rioscaí don tsláinte agus don chomhshaol a bhaineann le húsáid leasacháin ina bhfuil ardleibhéil caidmiam, rioscaí atá le feiceáil sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún agus i dtaighde a rinneadh le déanaí sa réimse.

Ba cheart an cead a bheith ag Ballstáit a bhfuil teorainneacha ísle náisiúnta do chion an chaidmiam i leasacháin an teorainn sin a choinneáil don limistéar comhchuibhithe freisin go dtí go mbainfidh teorainn an Aontais an leibhéal céanna amach. Sa chomhthéacs sin, creideann Poblacht na Seice, an Ungáir agus Poblacht na Slóvaice go bhfaighidh gach Ballstáit ar mhian leis leibhéal cosanta níos airde a fháil ar a n-ithreach an deis sin dá bhforáiltear leis an gConradh.

Tá cion an chaidmiam le laghdú de réir a chéile agus iarraimid ar an gCoimisiún a sheacht ndícheall a dhéanamh gan an deis seo a chailliúint agus an Rialachán seo á athbhreithniú.

Ós rud é nach leagtar síos teorainnluach don chróimiam iomlán, miotal trom atá fíorthocsaineach, tá Poblacht na Seice, an Ungáir agus Poblacht na Slóvaice den tuairim fós gur cheart go ndéanfaí an Coimisiún a marana ar na ceanglais lipéadaithe do chion iomláin chróimiam na dtáirgí leasacháin. Chuige sin, beidh an t-eolas maidir le huaschainníocht agus foinse bheacht an chróimiam ar lipéad gach táirge lena mbaineann.

Sa téacs comhréiteach deiridh ní leagtar amach treoirlínte soiléire do bhithspreagthaigh phlandaí i bhfianaise ceanglais maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht bhitheolaíoch, ionchais cháilíochtúla agus sonraí maidir le substaintí gníomhacha a bheadh ríthábhachtach do ghrúpa ilchineálacha táirgí den sórt sin.

Táimid den tuairim i gcónaí gurb ionann na hIarscríbhinní a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus ábhar dlíthiúil na reachtaíochta atá beartaithe a leasú. Ba cheart go ndéanfaí leasuithe ar Iarscríbhinní I agus II chun críocha iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil trí bhíthin Gníomhartha Cur Chun Feidhme.